2026/2599

20.11.2026

CINNEADH (AE) 2026/2599 ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Samhain 2026

lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhpháirtíochta arna bunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh Uimh. 1/2026 ón gComhairle Comhpháirtíochta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([1]) ('an Comhaontú') i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2021/689 ([2]) ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021, tar éis é a bheith á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann.

(2) De bhun Airteagal 519(b) den Chomhaontú , féadfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta arna bunú faoin gComhaontú cinntí a ghlacadh chun léirmhínithe a eisiúint ar fhorálacha Chuid a Dó den Chomhaontú.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 331(1) den Chomhaontú,bheadh Cuid a Dó, Ceannteideal a hAon, Teideal VIII maidir le fuinneamh den Chomhaontú ('Teideal VIII') scortha d'fheidhm a bheith aige an 30 Meitheamh 2026.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 331(2) den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta a chinneadh, idir an 1 Iúil 2026 agus an 31 Nollaig 2026, síneadh a chur le cur i bhfeidhm Theideal VIII go dtí an 31 Márta 2027.

(5) Le Cinneadh Uimh. 2/2025 ón gComhairle Comhpháirtíochta ([3]), cuireadh síneadh le cur chun feidhme Theideal VIII go dtí an 31 Márta 2027.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 331(2) den Chomhaontú, idir an 1 Aibreán 2027 agus an 31 Nollaig 2027, agus ag aon tráth in aon bhliain dá éis sin, féadfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta a chinneadh go mbeidh feidhm ag Teideal VIII go dtí an 31 Márta den bhliain dár gcionn.

(7) Le Dearbhú Comhpháirteach 1/2025 ([4]) a rinne siad sa Chomhairle Comhpháirtíochta, chuir an tAontas agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe') a gcomhthuiscint pholaitiúil in iúl gur cheart cuspóirí Theideal VIII a shaothrú ar bhonn leanúnach trí shíneadh a chur le cur i bhfeidhm Theideal VIII.

([1]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

([2]) Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/689/oj).

([3]) Cinneadh Uimh. 2/2025 ón gComhairle Comhpháirtíochta arna bunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 19 Meitheamh 2025 lena n-eisítear léirmhíniú ar Airteagal 331(2) agus lena gcuirtear síneadh le cur i bhfeidhm Chuid a Dó, Ceannteideal a hAon, Teideal VIII maidir le fuinneamh, den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L, 2025/1230, 20.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1230/oj).

([4]) Dearbhú Comhpháirteach 1/2025 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhairle Comhpháirtíochta arna bunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, an 19 Meitheamh 2025 (IO L, 2025/1232, 20.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/declar/2025/1232/oj).

(8) I gcás ina bhféadfadh an Chomhairle Comhpháirtíochta cinneadh a ghlacadh maidir le síneadh a chur le cur i bhfeidhm Theideal VIII nuair a bheidh Teideal VIII scortha d'fheidhm a bheith aige cheana, agus sa chás sin amháin, d'fhéadfadh briseadh i gcur i bhfeidhm Theideal VIII a bheith mar thoradh air, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh éiginnteacht a bheith ann maidir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme a mhéid a bhaineann le trádáil agus infheistíocht idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i réimsí an fhuinnimh agus na n-amhábhar.

(9) Chun foráil a dhéanamh maidir le deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht, is iomchuí, dá bhrí sin, cinneadh a ghlacadh lena léirmhíneofar Airteagal 331(2) den Chomhaontú sa chaoi gur féidir cinneadh ón gComhairle Comhpháirtíochta a ghlacadh roimh an 1 Aibreán 2027 síneadh a chur le Teideal VIII go dtí an 31 Márta 2028, ar choinníoll go dtiocfaidh sé i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2027 ar aghaidh amháin.

(10) Tá an Chomhairle Comhpháirtíochta le cinneadh a ghlacadh, ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici nó le nós imeachta i scríbhinn, lena léirmhíneofar agus lena gcuirfear chun feidhme Airteagal 331(2) den Chomhaontú chun gur féidir cuspóirí Theideal VIII a shaothrú ar bhonn leanúnach trí bhíthin an tsínte le cur chun feidhme Theideal VIII.

(11) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhpháirtíochta, a mhéid a bhaineann le léirmhíniú agus cur chun feidhme Airteagal 331(2) den Chomhaontú, a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhpháirtíochta arna bunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le léirmhíniú agus cur chun feidhme Airteagal 331(2) den Chomhaontú sin, leagtar amach é sa dréachtchinneadh ón gComhairle Comhpháirtíochta atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

DRÉACHT

CINNEADH Uimh. 1/2026 ÓN gCOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHAIR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH, DE PHÁIRT, AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, DEN PHÁIRT EILE

an […] 2026

lena n-eisítear léiriú ar Airteagal 331(2) agus lena gcuirtear síneadh le cur i bhfeidhm Chuid a Dó, Ceannteideal a hAon, Teideal VIII maidir le fuinneamh, den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile

TÁ AN CHOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú'), agus go háirithe Airteagal 519(b) agus Airteagal 331(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 331(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, bheadh Cuid a Dó, Ceannteideal a hAon, Teideal VIII den Chomhaontú sin ('Teideal VIII') scortha d'fheidhm a bheith aige an 30 Meitheamh 2026.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 331(2) den Chomhaontú, idir an 1 Iúil 2026 agus an 31 Nollaig 2026, féadfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta a chinneadh síneadh a chur le cur i bhfeidhm Theideal VIII go dtí an 31 Márta 2027.

(3) Le Cinneadh Uimh. 2/2025 ón gComhairle Comhpháirtíochta, cuireadh síneadh le cur chun feidhme Theideal VIII go dtí an 31 Márta 2027.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 331(2) den Chomhaontú, idir an 1 Aibreán 2027 agus an 31 Nollaig 2027, agus ag aon tráth in aon bhliain dá éis sin, féadfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta a chinneadh síneadh a chur le feidhm Theideal VIII go dtí an 31 Márta den bhliain dár gcionn.

(5) I gcás ina bhféadfadh an Chomhairle Comhpháirtíochta cinneadh a ghlacadh maidir le síneadh a chur le cur i bhfeidhm Theideal VIII nuair a bheidh Teideal VIII scortha d'fheidhm a bheith aige cheana, agus sa chás sin amháin, d'fhéadfadh briseadh i gcur i bhfeidhm Theideal VIII a bheith mar thoradh air, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh éiginnteacht a bheith ann maidir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme a mhéid a bhaineann le trádáil agus infheistíocht idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe i réimsí an fhuinnimh agus na n-amhábhar.

(6) Chun foráil a dhéanamh maidir le deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht, is iomchuí, dá bhrí sin, cinneadh a ghlacadh lena léirmhíneofar Airteagal 331(2) den Chomhaontú sa chaoi gur féidir cinneadh ón gComhairle Comhpháirtíochta a ghlacadh roimh an 1 Aibreán 2027 síneadh a chur le Teideal VIII go dtí an 31 Márta 2028, ar choinníoll go dtiocfaidh sé i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2027 ar aghaidh amháin..

(7) Is é is cuspóir do Theideal VIII trádáil agus infheistíocht idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe sna réimsí fuinnimh agus amhábhar a éascú, agus tacú le slándáil an tsoláthair agus an inbhuanaitheacht comhshaoil, go háirithe rannchuidiú leis an gcomhrac in aghaidh an athraithe aeráide sna réimsí sin.

(8) Chun cuspóirí Theideal VIII a bhaint amach, is tráthúil don Aontas Eorpach agus don Ríocht Aontaithe araon leanúint dá gcomhar maidir le fuinneamh trí Theideal VIII a chur i bhfeidhm.

(9) Le Dearbhú Comhpháirteach 1/2025 a rinne siad sa Chomhairle Comhpháirtíochta, chuir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe a gcomhthuiscint pholaitiúil in iúl gur cheart cuspóirí Theideal VIII a shaothrú ar bhonn leanúnach trí shíneadh a chur le cur i bhfeidhm Theideal VIII.

(10) Ba cheart creat dlíthiúil cobhsaí intuartha a sholáthar do pháirtithe leasmhara sa réimse fuinnimh maidir le leanúint den chomhar sin lena n-éascaítear gnó agus lena n-áirithítear cobhsaíocht an mhargaidh.

(11) Is iomchuí, dá bhrí sin, cinneadh a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm Theideal VIII go dtí an 31 Márta 2028,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déanfar Airteagal 331(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair a léiriú sa chaoi gur féidir cinneadh maidir le síneadh a chur le cur i bhfeidhm Chuid a Dó, Ceannteideal a hAon, Teideal VIII den Chomhaontú Trádála agus Comhair go dtí an 31 Márta 2028 a ghlacadh roimh an 1 Aibreán 2027, ar choinníoll nach mbeidh éifeacht aige ach ón 1 Aibreán 2027 ar aghaidh.

Airteagal 2

Cuirfear síneadh le cur i bhfeidhm Chuid a Dó, Ceannteideal a hAon, Teideal VIII den Chomhaontú Trádála agus Comhair go dtí an 31 Márta 2028.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Tiocfaidh Airteagal 2 i bhfeidhm an 1 Aibreán 2027.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil agus i Londain, […] 2026.

Thar ceann na Comhairle Comhpháirtíochta

Na Comhchathaoirligh